

## **Immram Brain**

### **The Voyage of Bran son of Febal**

#### **Section 1**

Cóeca rand ro-gab in ben a tírib ingnad

for lár in t(a)ige do Bran mac Febal

óro-boí a rígthech lán di rígaib,

a nnád-fetatar can do-lluid in ben

óro-bátar ind liss dúntai.

Caoga rann a ghabh an bhean as tíortha  
inghnáthacha

ar lár an tí do Bhran mhac Feabhail,

uair a bhí an rí-theach lán de ríthe,

nárbh eol dóibh cá has a dtáinig an bhean,

ó tharla na leasa dúnta.

'Twas fifty quatrains the woman from  
unknown lands sang

on the floor of the house to Bran son of  
Febal,

when the royal house was full of kings,

who knew not whence the woman had  
come,

since the ramparts were closed.

#### **Section 2**

Is ed tossach in scéoil.

Im-luid Bran láa n-and a oenur i comocus  
dia dún.

Co-cúalai a céol íarna chúl.

A ndon-écad tara éssi

Is é tosach an scéil:

Bhí Bran ag siúl thart leis féin lá amháin i  
ngar dá dhún,

nuair a chuala sé an ceol ar a chúl.

Gach uair a bhreathnaíodh sé siar

This is the beginning of the story.

One day, in the neighbourhood of his  
stronghold, Bran went about alone,

when he heard music behind him.

As often as he looked back,

ba íarna chúl bús no-bíth a céol.	ba ar a chúl a bhíodh an ceol i gcónaí.	'twas still behind him the music was.
Con-tuil asennad frissa céol ara bindi.	Fá dheireadh chodail sé le binneas an cheoil.	At last he fell asleep at the music, such was its sweetness.
A ndo-foisich asa chotlud  co-accái in cróeb n-aircit fua bláth fhind ina fharrud,	Nuair a dhúisigh sé as a chodladh  chonaic sé an chraobh airgid fána bláth fhionn ina fharradh	When he awoke from his sleep,  he saw close by him a branch of silver with white blossoms,
na-pu hasse etarscarad a blátha frissin croíb.	agus níorbh fhurasta a bláth a idirdhealú ón chraobh sin.	nor was it easy to distinguish its bloom from that branch.
Do-bert íarom Bran in croíb ina láim dia rígh(a)ig.	Thug Bran an chraobh ina láimh ansin do dtí a rí-theach.	Then Bran took the branch in his hand to his royal house.
Óro-bátar inna sochaidi isind rígh(a)ig  co n-accatar in mnaí i n-étuch ingnad for lár in t(a)ige.	Faoin am a raibh an chuideachta <u>bailithe</u> sa rí-theach  chonaiceadar an bhean in éadach neamhghnáthach ar lár an tí.	When the hosts were in the royal house,  they saw a woman in strange raiment on the floor of the house.
Is and cachain in caecait rand-so do Braun,  arron-chóalai in slóg, ocus ad-condarcatar uili in mnaí.	Is ann a chan sí an caoga rann seo do Bhran,  agus chuala an slua agus chonaiceadar uile í:	'Twas then she sang the fifty quatrains to Bran,  while the host heard her, and all beheld the woman.

And she said:

### Section 3

“Cróeb dind abaill a hEmain,  
do-fet samail do gnáthaib,  
gésci findarc(a)it forra  
abrait glana co mbláthaib.

“Craobh den abhaill as Eamhain  
a thig mar shamhail dá gnátha,  
géaga fionn-airgid uirthi,  
fabhraí gloine fá bhlátha.

“A branch of the apple-tree from Emain  
I bring, like those one knows;  
Twigs of white silver are on it,  
Crystal brows with blossoms.

### Section 4

Fil inis i n-etarcéin  
imma-taitnet gabra réin,  
rith find friss toíbgel tonnat  
cethrar cossa fos-longat.

Atá inis i bhfad i gcéin  
fána dtaitneann caiple séin;  
rith fionn lenar taobh-gheal tonn  
ina suí go socair ar cheithre shonn.

There is a distant isle,  
Around which sea-horses glisten:  
A fair course against the white-swelling surge, —  
Four feet uphold it.

### Section 5

Is lí síule, sreth íar mbúaid,  
a mmag for-clechtat in tshlúaig;  
consna curach fri carpat  
isin maig des Findarcat.

Is lúcháir súl, is sleath fá bhuaidh  
an mhagh seo ina gcleachtann sluaigh;  
coimhlint ann idir curach is carbad  
insan mhaigh theas sin, Fionnairgead.

A delight of the eyes, a glorious range,  
Is the plain on which the hosts hold games:  
Coracle contends against chariot  
In southern Mag Findargat.

### Section 6

Cossa findru(i)ne foë;  
taitni tria bithu gnóë;  
caín tir tria bithu bátha  
for-snig inna hilblátha.

Cosa bán-fhiondruine faoi  
ag lonradh tré aoise gnaoi;  
tír chaoin tré bhiotha lána  
ar a sníonn na hilbhlátha.

Feet of white bronze under it  
Glittering through beautiful ages.  
Lovely land throughout the world's age,  
On which the many blossoms drop.

## Section 7

Fil and bile co mbláthaib  
fors-ngairet éoin do thráthaib,  
is tre cho(i)cetal is gnáth  
con-gairet uili cach tráth.

Áta ann bile fá bhlátha  
ar a gcanann éin na trátha;  
is tré chomhcheol is gnáth  
a chanaid uile gach tráth.

An ancient tree there is with blossoms,  
On which birds call to the Hours.  
'Tis in harmony it is their wont  
To call together every Hour.

## Section 8

Taitnet líga cach datha  
tresna maige moíthgnatha;  
is gnáth sube, sreth imm chéul,  
isin maig des Arcatnél.

Taitneann liaga ar gach aon lí.  
trínsna maighe mín-chuimhne;  
is gnách subha, ceol is séan  
insan mhaigh theas, Airgidnéall.

Splendours of every colour glisten  
Throughout the gentle-voiced plains.  
Joy is known, ranked around music,  
In southern Mag Argatnél.

## Section 9

Ní gnáth ecoíniud ná mrath  
i mruig deanda etargnath;  
ní-bí nach guth garc fri cró(a)is  
acht mad céul mbind friss-ben cló(a)is.

Ní gnách éagaoineadh ná brath  
insan oiléán lúcháireach;  
ní bhíonn ann gairge ná cruas  
ach binneas ceoil le n-éisteann cluas.

Unknown is wailing or treachery  
In the familiar cultivated land,  
There is nothing rough or harsh,  
But sweet music striking on the ear.

## Section 10

Cen brón, cen dubai, cen bás,  
cen nach galar, cen indgas:  
is ed etargnae nEmnæ,  
ní comtig a comamræ.

Gan brón, gan dubha, gan bás,  
gan aon ghalar ná cruachás;  
sin é comhartha Eamhna,  
ní coiteann a comh-amhra.

Without grief, without sorrow, without death,  
Without any sickness, without debility,  
That is the sign of Emain —  
Uncommon is an equal marvel.

## Section 11

Caíne tíre adamrai  
ata comgnú(i)si cadli,  
asa rodarc find fiä,  
ní frithid boith i ciä.

Caoine tíre rí-amhra  
ina bhfuil comhghnúise niamhdha;  
feabhas a radharc, finne a ceo,  
ní bhfuarthas riamh comh-mheas leo.

A beauty of a wondrous land,  
Whose aspects are lovely,  
Whose view is a fair country,  
Incomparable is its haze.

## Section 12

Má ad-cetha Aircthech íar tain  
for-snig dracoin ocus glain,  
do-snig a mmuir fri téir toinn,  
trillsi glana asa moing.

Dá bhfeicthí Airgtheach ansin,  
ar a sníonn cloch bhua is criostail;  
scuaibeann muir le téir ina toinn,  
trilse criostal as a mhoing.

Then if Aircthech is seen,  
On which dragonstones and crystals drop  
The sea washes the wave against the land,  
Hair of crystal drops from its mane.

## Section 13

Moíni, dússi cach datha  
i Ciúin, cani-étatha?  
étsecht fri céul co mbindi,  
óol fino cen ingrindi.

Maoine is seoda gach datha  
is i gCiúin a thiocfá orthu;  
éisteacht le ceol fá aoibhneas,  
ól scoth fiona ar suaimhneas.

Wealth, treasures of every hue,  
Are in Ciuin, a beauty of freshness,  
Listening to sweet music,  
Drinking the best of wine.

## Section 14

Carpait órdi íar Maig Réin  
taircet la tu(i)le don gréin;  
carpaid aircit i Maig Mon  
ocus crédum(a)i cen on.

Carpaid órtha ar Mhagh Réin  
a éiríonn le tuile don ghréin;  
carpaid airgid i Magh Mon  
is carpaid cré-umha freisin.

Golden chariots in Mag Réin,  
Rising with the tide to the sun,  
Chariots of silver in Mag Mon,  
And of bronze without blemish.

## Section 15

Graig óir buidi and for srath,  
graig aile co corcordath,  
graig aile olaill tar aiss  
co ndath nime uileglaiss.

Groigh ór-bhuí ann sa tsreath,  
groigh eile ar chorcar-dhath;  
groigh eile thar dhroim mhara,  
ar għlas na spéire iadsan uile.

Yellow golden steeds are on the sward there,  
Other steeds with crimson hue,  
Others with wool upon their backs  
Of the hue of heaven all-blue.

## Section 16

Do-feith la turcbáil ngréne  
fer find for-osndi réde;  
réidid mag find friss-mben muir,  
mesc(a)id fo(i)rci co-mbi ful.

Tig ann le héirí gréine  
fear fionn a shoilsíonn réidhe;  
siúlann magh fhionn ara mbuaileann muir,  
meascann farraige go mbí ina ful.

At sunrise there will come  
A fair man illumining level lands;  
He rides upon the fair sea-washed plain,  
He stirs the ocean till it is blood.

## Section 17

Do-fet in slóag tar muir glan,  
don thír don-aidbri imram;  
imrat íarom dond liic léur  
asa-comérig cét céul.

Tig an slua thar mhuiр għlain,  
is féachann an thír an t-iomram;  
iomrann siad leo don líг mhóir  
as a n-éiríonn céad ceol.

A host will come across the clear sea,  
To the land they show their rowing;  
Then they row to the conspicuous stone,  
From which arise a hundred strains.

## Section 18

Can(a)id airfitiud dond tshlgóг  
tre bitħu sír, nád-bí tróг;  
tormaig céol co córib cét,  
ní-frescat aithbe ná éc.

Seinneann ceol tré bhith síor  
don tslua uile le siansa fior;  
ardaíonn fuaim le córa céad,  
ní dán dóibh aife ná éag.

It sings a strain unto the host  
Through long ages, it is not sad,  
Its music swells with choruses of hundreds —  
They look for neither decay nor death.

## Section 19

Emnæ ildelbach fri rían,  
bésu ocus, bésu chían,  
i fil ilmíli brecc mban;  
immus-timchella muir glan.

Eamhna ildealbhach chois mara,  
pé gairid uainn nó fada,  
mar a bhfuil ilmhílte áille ban,  
is ina timpeall an mhuir ghlan.

Many-shaped Emne by the sea,  
Whether it be near, whether it be far,  
In which are many thousands of motley women,  
Which the clear sea encircles.

## Section 20

Márod-chó(a)la ló(a)d in chiúil,  
isnach énán a hImchiúin,  
do-fet banchuire di á  
cusa cluichemag i-tá.

Má chluineann neach ceol na bhfuaim,  
guth na n-éan as Imchiúin,  
chífidh sé ag teacht ón ard  
buíon bhan don chluiche-mhaigh.

If he has heard the voice of the music,  
The chorus of the little birds from Imchiuin,  
A small band of women will come from a height  
To the plain of sport in which he is.

## Section 21

Do-fet soíre la slá(i)ni  
don tíg friss-ferat gá(i)ri;  
is i nImchiúin co n-ó(a)gi  
do-fet bóane la há(i)ni.

Tiocfaidh saoirse le sláine  
sa tíg i bhfeartar gáire;  
is in Imchiúin na hóighe  
a bheas áineas le buaine.

There will come happiness with health  
To the land against which laughter peals,  
Into Imchiuin at every season  
Will come everlasting joy.

## Section 22

Is la suthaini síne  
do-snig arcat i téire;  
aill érfind for idna réin  
foa-feid a grís a gréin.

Is le suthaine síne  
a scaipeann airgead ar thíortha;  
aill fhór-fhionn ar imeall mara  
a gheibh ón ngréin loinnir teasa.

It is a day of lasting weather  
That showers silver on the lands,  
A pure-white cliff on the range of the sea,  
Which from the sun receives its heat.

## Section 23

Graibnid in slóg íar Maig Mon,  
clu(i)che n-álaind nád indron;  
i mbruig mbrecht óas ma(i)sse mét,  
ní-frescat aithbe ná éc.

Cúrsaí capall thar Mhagh Mon,  
cluiche álainn nach anbhann;  
sa thír aoibhinn fá mhaise séad  
ní dán dóibh aife ná éag.

The host race along Mag Mon,  
A beautiful game, not feeble,  
In the variegated land over a mass of beauty  
They look for neither decay nor death.

## Section 24

Étsecht fri céul in[d] adig  
ocus techt i nIldathaig;  
mbruig mbrecht, liig óas ma(i)sse mind,  
asa-taitni in nél find.

Éisteacht le ceol san oíche  
agus teacht in Ildathaigh —  
fearann breac ar áilleacht mhionn  
as a dtaitneann an néall fionn.

Listening to music at night,  
And going into Ildathach,  
A variegated land, splendour on a diadem of beauty,  
Whence the white cloud glistens.

## Section 25

Fil trí coícta inse cían  
isind oceon frinn aniar;  
is mó Éirinn co fa dí  
cach aí díib nó fa thrí.

Atá trí chaoga inse cian  
insan aigéan uainn aniar;  
is mó ná Éire gach ceann díobh  
fá dhó b'fhéidir nó fá thrí.

There are thrice fifty distant isles  
In the ocean to the west of us;  
Larger than Erin twice  
Is each of them, or thrice.

## Section 26

Ticfa mórguin íar mbethaib  
nád-biä for forclethaib;  
mac mná nád-festar céle,  
gébaid flaith na n-ilmhile.

Tiocfaidh mór-ghin d'éis tréimhse  
nach mbeidh de chéim na huaisle;  
mac mná nach fios a céile  
gabhfaidh flaitheas na n-ilmhile.

A great birth will come after ages,  
That will not be in a lofty place,  
The son of a woman whose mate will not be known,  
He will seize the rule of the many thousands.

## Section 27

Flaith cen tossach cen forcenn,  
do-rósat bith co coitcheann;  
dos-roirbe talam ocus muir,  
is mairc bías foa étuil.

Flaith gan tosach, gan foirceann  
a chruthaigh an saol go coiteann;  
dhealbhaigh sé talamh is muir,  
mairg a bheas faoina dho-thoil.

A rule without beginning, without end,  
He has created the world so that it is perfect,  
Whose are earth and sea,  
Woe to him that shall be under His unwill.

## Section 28

Is é do-rigni nime,  
cé(i)n-mair dia-mba findchríde;  
glainfid slúagu tre linn nglan,  
is é ícfas for tedman.

Is é féin a chruthaigh neamh,  
moladh buan lena fhaoiseamh;  
glanfaidh slua faoi linn ghlain,  
is é a íocfas bhur ngalair.

'Tis He that made the heavens,  
Happy he that has a white heart,  
He will purify hosts under pure water,  
'Tis He that will heal your sicknesses.

## Section 29

Ní dúib uili mo labræ,  
ci ad-fes a mmóramræ;  
étsed Bran de betho bró  
a ndi ecnu ad-féat dó.

Ní díbh uile mo labhra  
cé gur ríomhadh a ciall amhra;  
éisteadh Bran i measc na slua  
lena n-insim d'eagna dó.

Not to all of you is my speech,  
Though its great marvel has been made known:  
Let Bran hear from the crowd of the world  
What of wisdom has been told to him.

## Section 30

Ná tuit fri lige lescæ;  
nachid-throíthad do mescæ;  
tinscan imram tar muir glan  
dús in-rísta Tír na mBan."

Ná tit siar a luí leisce,  
nárab lag thú de mheisce,  
tionscain iomramh thar mhuir għlan  
d'fhiros an sroichfeá tir na mban."

Do not fall on a bed of sloth,  
Let not thy intoxication overcome thee,  
Begin a voyage across the clear sea,  
If perchance thou mayst reach the land of women."

## Section 31

Luid in ben úadaib íarom,  
a nnád-fetatar cia-luid,  
ocus birt a croíb lee.

Leblaing in chroíb di láim inna mná co  
mboí for láim Brain,  
ocus ní-boí nert i lláim Brain do gabáil inna  
croíbe.

D'imigh an bhean uathu ansin  
go nár bh eol dóibh cá háit a ndeachaigh,  
agus thug sí a craobh léi.

Léim an chraobh de láimh Bhrain go raibh  
sí ar láimh na mná  
agus ní raibh neart ina láimh siúd lena  
coinneáil.

Thereupon the woman went from them,  
while they knew not whither she went.  
And she took her branch with her.

The branch sprang from Bran's hand into  
the hand of the woman,  
nor was there strength in Bran's hand to  
hold the branch.

## Section 32

Luid Bran íarom ara bárach for muir.

Trí nónbuir a lín.

Oínfher forsna trib nónburaib dia  
chomaltaib ocus comaísib.

Óro-boí dá láá ocus dí aidchi forsin muir  
co n-acc(a)i a dochum in fer isin charput  
íarsin muir.

Ansin arna bhárach chuaigh Bran ar muir.

Trí naonúir a bhí siad ann.

Fear amháin dá chomhaltaí agus  
chomhaoise os cionn na dtrí naonúr.

Nuir a bhí siad amuigh dhá lá agus dhá  
oíche,  
chonaiceadar chucu thar an mhuiir an fear sa  
charbad.

Then on the morrow Bran went upon the  
sea.

The number of his men was three  
companies of nine.

One of his foster-brothers and mates was set  
over each of the three companies of nine.

When he had been at sea two days and two  
nights,  
he saw a man in a chariot coming towards  
him over the sea.

Canaid in fer ísin tríchait rand n-aile dó,  
ocus sloindsi dó,  
ocus as-bert ba hé Manannán mac Lir,  
ocus as-bert boí fair tuidecht i nÉrinn íar n-aimseraib cíanaib,  
ocus no-gigned mac óad, .i. Mongán mac Fiachnai,  
is ed forid-mbíad.

Cachain íarom in tríchait rand-so dó:

Chan an fear sin tríocha rann eile dó  
agus shloinn sé é feín \*dó\*  
agus dúirt gurbh é Manannán mac Lir é.  
D'inis sé go raibh air teacht go hÉirinn tar éis cianta fada  
agus go nginfí mac uaidh, Mongán mac Fiachna  
— sin an t-ainm a bheadh air.

Ansin chan sé an tríocha rann seo dó:

That man also sang thirty other quatrains to him,  
and made himself known to him,  
and said that he was Manannan the son of Ler,  
and said that it was upon him to go to Ireland after long ages,  
and that a son would be born to him, even Mongan son of Fiachna  
— that was the name which would be upon him.  
So he sang these thirty quatrains to him:

### Section 33

“Caíne amræ lasin mBran  
ina churchán tar muir nglan;  
os mé im charput do chéin,  
is mag scothach imma-réid.

“Caoine amhra dar le Bran  
ina churachán thar mhuir ghlan,  
domsa im charbad de chéin  
is magh scothach ar a dtéim.

“Bran deems it a marvellous beauty  
In his coracle across the clear sea:  
While to me in my chariot from afar  
It is a flowery plain on which he rides about.

### Section 34

A n-as muir glan  
don noí bro(i)nig i-tá Bran,  
is mag meld co n-immut scoth  
domsa i carput dá roth.

É sin is muir ghlan  
don bhád bhraineach a bhfuil Bran,  
is magh mhaiseach go n-iomad scoth  
domsa i gcarbad dhá roth.

What is a clear sea  
For the prowed skiff in which Bran is,  
That is a happy plain with profusion of flowers  
To me from the chariot of two wheels.

### Section 35

At-chí Bran  
lín tonn tibri tar muir glan;  
At-chíu cadéin i mMaig Mon  
scotha cennderca cen on.

Chíonn Bran  
lín tonn bhriste thar mhuir ghlan;  
is é chímse féin i Magh Mon  
scotha ceann-dearga gan ainimh.

Bran sees  
The number of waves beating across the clear sea:  
I myself see in Mag Mon  
Red-headed flowers without fault.

### Section 36

Taitnit gabra lir i sam  
sella roisc ro-shiri Bran;  
bru(i)ndit scotha srúaim de mil  
i crích Manannáin maic Lir.

I samhradh taitneann caiple geala  
fhaid is léir do Bhran roimhe;  
spréann srutha sruaim de mhil  
i gcrích Mhanannáin mhic Lir.

Sea-horses glisten in summer  
As far as Bran has stretched his glance:  
Rivers pour forth a stream of honey  
In the land of Manannan son of Ler.

## Section 37

Lí na fairci fora-taí,  
geldod mora imme-raí,  
ros-sert buide ocus glass:  
is talam nád écomrass.

Lí na farraige ar a bhfuilir,  
gile mara faoi do rámha,  
síneann uait glas is buí,  
is talamh é dá shíor-shnoí.

The sheen of the main, on which thou art,  
The white hue of the sea, on which thou rowest about,  
Yellow and azure are spread out,  
It is land, and is not rough.

## Section 38

Lingit ích bricc ass de brú,  
a mmuir find for n-aicci-siu;  
it loíg, it úain co ndagdath,  
co cairdi, cen imarbath.

Léimeann bradáin bhreaca as broinn  
faoi do shúil as an mhuir fhinn,  
is laoigh iad, is uain le dáimh,  
le cairdeas, is gan ionarbháigh.

Speckled salmon leap from the womb  
Of the white sea, on which thou lookest:  
They are calves, they are coloured lambs  
With friendliness, without mutual slaughter.

## Section 39

Cé ad-chetha oínchairpthech  
i mMaig Meld co n-immud scoth,  
fil mór d'echaib fora brú  
cen suide, nád aicci-siu.

Cé nach follarach aon chairbdeach  
i Magh Meall go n-iomad scoth,  
is mór d'eachaibh atá ar a broinn  
bíodh gur léir nach bhfeicir sin.

Though (but) one chariot-rider is seen  
In Mag Mell of many flowers,  
There are many steeds on its surface,  
Though them thou seest not.

## Section 40

Mét in maige, lín in tshlóig,  
taitnit líga co nglanbóaid;  
findruth aircit, drep[p]a óir,  
táircet fáilti caich imróil.

Méid na maighe, líon an tslua,  
taitnid liaga le glan-bhua;  
fionnsruth airgid, sreabha óir,  
táirgid fáilte gach tionól.

The size of the plain, the number of the host,  
Colours glisten with pure glory,  
A fair stream of silver, cloths of gold,  
Afford a welcome with all abundance.

## Section 41

Clu(i)che n-aímin n-inmeldag  
aigdit fri find-imborbag,  
fir is mná míne fo doss  
cen peccad cen immarboss.

Cluiche aoibhinn de shonas lán  
imrid le finn-iomarbháigh  
fir is mná míne faoi dhos  
gan peacadh, gan iomarbas.

A beautiful game, most delightful,  
They play (sitting) at the luxurious wine,  
Men and gentle women under a bush,  
Without sin, without crime.

## Section 42

Is íar mbarr fedo ro-sná  
do churchán tar indrada,  
fil fid fo mess i-mbí gnóe  
fo braine do beccnoë.

Thar bharr coille insan tsnámh  
téann ós iomairí do churachán;  
tá toradh na gerann i mbíonn gnaoi  
faoi bhraine do bháidín.

Along the top of a wood has swum  
Thy coracle across ridges,  
There is a wood of beautiful fruit  
Under the prow of thy little skiff.

## Section 43

Fid co mbláth ocus torad  
fors-mbí fine firbolad,  
fid cen erchra[e] cen esbad  
fors-fil du(i)lli co n-órdath.

Coill fá bhláth agus toradh  
ar a sníonn milse fíon-bholadh,  
coill gan orchra, gan easpa,  
ar a bhfuil duille fá órdhath.

A wood with blossom and fruit,  
On which is the vine's veritable fragrance,  
A wood without decay, without defect,  
On which are leaves of golden hue.

## Section 44

Fil dún ó thossuch dú(i)le  
cen aíss, cen forbthe n-ú(i)re,  
ní-frescam de mbeth anguss,  
ní-n-táraill int immarbuss.

Is amhlaidh sinn ó thosach dúile  
gan aois, gan foirceann úire;  
ní heol dúinn bheith gan ghlaine gan ghus,  
níor shroich sinn an t-iomarbas.

We are from the beginning of creation  
Without old age, without consummation of earth,  
Hence we expect not that there should be frailty,  
The sin has not come to us.

## Section 45

Olc líth do-lluid ind nathir  
cosin n-athair dia chathair,  
saíbsi sec[h] recht i mbith ché  
co-mbu haithbe nád buë.

Olc an lá a tháinig an nathair  
chuig an athair ina cathair;  
saobhadh an saol thar reacht Dé  
go mba dreo nárbh eol roimh ré.

An evil day when the Serpent went  
To the father to his city;  
She has perverted the times in this world,  
So that there came decay which was not original.

## Section 46

Ron-ort i croís ocus saint  
tresa-nderbaid a shoírchlaind,  
ethais, corp crín, cró péne  
ucus bithaittreb rége.

Maraíodh sinn i ggraos is saint  
lenar dhíscigh Ádhamh a chlann;  
chuaigh corp crón i gró na péine  
is in áitreabh na síor-réighe.

By greed and lust he has slain us,  
Through which he has ruined his noble race:  
The withered body has gone to the fold of torment,  
And everlasting abode of torture.

## Section 47

Is recht óabair i mbith ché  
cretem dú(i)le, dermat nDé,  
troíthad galar ocus aíss,  
apthu anma[e] tria togaís.

Sa tsaol abhus is reacht uabhair  
dearmad Dé, creideamh dúile;  
traothadh galar é agus aois,  
díothú anma trí ró-bhaois.

It is a law of pride in this world  
To believe in the creatures, to forget God,  
Overthrow by diseases, and old age,  
Destruction of the soul through deception.

## Section 48

Ticfa tessarcon úasal  
ónd Ríg do-reä-rósat,  
recht find fo-glóisfe[a] muire,  
sech bid Díä, bid duine.

Tiocfaidh orainn teasargain  
ón rí uasal a chruthaigh sinn,  
reacht fionn a ghluaisfeas thar mhara,  
beidh ina nDia, is ina dhuine.

A noble salvation will come  
From the King who has created us,  
A white law will come over seas,  
Besides being God, He will be man.

## Section 49

In delb é no-fethi-su,  
ro-icfa it lethi-su,  
arum-thá echtra[e] dia taig  
cosin mnaí i llinemaig.

An dealbh seo a fhéachas tú  
tiocfaidh i do chríochasa;  
tá orm eachtradh go Magh Líne  
chuig an bhean a chónaíonn inti.

This shape, he on whom thou lookest,  
Will come to thy parts;  
'Tis mine to journey to her house,  
To the woman in Line-mag.

## Section 50

Sech is Monindán mac Lir  
asin charput cruth ind fhir,  
biëid dia chlaind densa i ngair  
fer cain i corp criäd-glain.

Is mhínigh Manannán mac Lir  
as an charbad cruth an fhir:  
beidh dá chlainn ag tionscnamh a ré  
fear caoin i gcorp geal cré.

For it is Moninnan, the son of Ler,  
From the chariot in the shape of a man,  
Of his progeny will be a very short while  
A fair man in a body of white clay.

## Section 51

Con-lé Monand macca Lirn  
lúthlige la Caíntigirn,  
gérthair dia mac i mbith gnó,  
atn-didma Fiachna[e] mac ndó.

Luífidh gan leisc an Manannán  
in aon leaba le Caointighirn;  
an mac óna n-iméoidh Manann i gcéin  
aithneoidh Fiachna ina mhac dó féin.

Monann, the descendant of Ler, will be  
A vigorous bed-fellow to Caintigern:  
He shall be called to his son in the beautiful world,  
Fiachna will acknowledge him as his son.

## Section 52

Moíthfed sognáiss cach síde,  
bid tretel cach dagthíre,  
ad-fí rúna rith ecni,  
isin bith cana ecle.

Bhéarfaidh aoibhneas do aos gach sí,  
beidh ina muirnín ag gach thír,  
nochtfaidh rúnta i rith eagna  
insan bhith gan aon eagla.

He will delight the company of every fairy-knoll,  
He will be the darling of every goodly land,  
He will make known secrets — a course of wisdom —  
In the world, without being feared.

## Section 53

Biäid i fethol cech míl  
itir glasmuir ocus túr,  
bid drauc re mbuidnib i froiss,  
bid cú allaid cech indroiss.

Beidh sé ann i gcruth gach míl  
idir ghlás-mhuir agus túr,  
ina dhraig roimh bhúonta i dtreis,  
ina chú allaidh gach fionn-rois.

He will be in the shape of every beast,  
Both on the azure sea and on land,  
He will be a dragon before hosts at the onset,  
He will be a wolf of every great forest.

## Section 54

Bid dam co mbennaib aircait  
i mruig i n-agtar carpait,  
bid ecne brecc i llind láin,  
bid rón, bid ela findbán.

Ina dhamh fá bheanna airgid,  
sa chrích i gcúrsann carbaid,  
ina bhradán bhreac i linn láin,  
ina rón is ina eala fhionnbháin.

He will be a stag with horns of silver  
In the land where chariots are driven,  
He will be a speckled salmon in a full pool,  
He will be a seal, he will be a fair-white swan.

## Section 55

Biäid tre bithu síri  
cét mblédne i findrígi;  
silis lerca lecht imchéin,  
dercfed róí roth imréin.

Beidh sé fá chuimhne shíorai  
céad blian i bhfinn-ríge;  
sleachtfaidh sluagha, leacht imchian,  
deargfaidh maighe, roth thar rian.

He will be throughout long ages  
An hundred years in fair kingship,  
He will cut down battalions, — a lasting grave —  
He will reddens fields, a wheel around the track.

## Section 56

Imm ríga la fénnidi  
bid láth gaile fri haicni,  
i ndirthach mbroga for á  
fo-cicher[r] aircent a Íli.

Ina laoch gaile ag féinnithe,  
le haigne ag cosaint ríthe;  
teilgfidh bithiúnach cloch thar toinn  
a leagfaidh Mongán in ard a fhoinn.

It will be about kings with a champion  
That he will be known as a valiant hero,  
Into the strongholds of a land on a height  
I shall send an appointed end from Islay.

## Section 57

Art ara-ngén la flaithi  
gébth(a)ir fo mac n-imra(i)gni,  
sech bid Monindán mac Lir  
a ath(a)ir, a fhiththir.

Cuirfead mar fhlaithe in airde é —  
titfidh le mac míchomhairle —  
óir is é Manannán mac Lir  
a oide is a athair.

High shall I place him with princes,  
He will be overcome by a son of error;  
Moninnan, the son of Ler,  
Will be his father, his tutor.

## Section 58

Bíed bes ngairit a ré  
coícait mblédne i mbith ché,  
oircathi ail dracoin din muir  
isind níth i Senlabuir.

Beidh sé, is gairid a thréimhse,  
caoga bliain abhus sa tsaol seo,  
arm a oidhe cloch dragain de mhuir  
insan bhruín ag Seanlabhair.

He will be — his time will be short —  
Fifty years in this world:  
A dragonstone from the sea will kill him  
In the fight at Senlabor.

## Section 59

Timgéra dig a lLoch Láu  
in tan friss-seill sidán cráu,  
gébtha[i] in drong find fu roth nél  
dund nassad nád-etalrén.

Lorgfaidh deoch as Loch Ló  
tráth a fhéachann caise cró,  
tógfar suas é faoi roth néall  
don chomhthionól nach eol dóibh léan.

He will ask a drink from Loch Ló,  
While he looks at the stream of blood,  
The white host will take him under a wheel of clouds  
To the gathering where there is no sorrow.

## Section 60

Fossad air sin imrad Bran,  
ní cían co Tír inna mBan,  
Emnæ co n-ildath féile  
ricfe re fuiniud ngréne.”

Socair mar sin iomradh Bhrain,  
ní cian go thír na mban;  
Eamhna go n-ildath féile  
sroichfir roimh fhuineadh gréine.”

Steadily then let Bran row,  
Not far to the Land of Women,  
Emne with many hues of hospitality  
Thou wilt reach before the setting of the sun.”

## Section 61

Luidi Bran óad íarom con[d]a-accai in n-insi.

Im-raad immecúairt ocus slóg mór oc gignig ocus gáirechtaig.

Do-écitis uili Bran ocus a muintir,  
ocus ní-ant(a)is fria n-acaldaim.  
Ad-aigtis treftecha gáire foo.

Foídis Bran fer dia muintir isin n-insi.

Reris lea chéliu

ocus ad-acht ginig foo amal doíni inna hinse olchene.

Im-raad in n-insi immecúairt.

In tan do-téged a fher muintire sech Bran

at[n]-gla(i)tis a chocéli.

Nís n-aicildenafil-sa immurgu

D'imigh Bran uaidh ansin agus chonaic an inis.

D'iomair sé timpeall uirthi, agus slua mór ag stánadh agus ag scairtigh.

Bhí siad uilig ag breathnú ar Bhran agus a mhuintir,  
ach ní fhanaidís le labhairt leo.

Thigeadh trithí gáire orthu fúthu.

Chuir Bran fear dá mhuintir insan inis.

Chuir seisean é féin i measc lucht na hinse  
agus thosaigh ag stánadh \*orthu\* chomh maith \*le daoine eile na hinse\*.

Lean siad ag iomramh timpeall \*na hinse\*.

An uair a théadh a fhear muintire thart le Bran

ghlaodh a chomrádaithe air.

Ní labhradh sé leo ámh

Thereupon Bran went from him. And he saw an island.

He rows round about it, and a large host was gaping and laughing.

They were all looking at Bran and his people,  
but would not stay to converse with them.

They continued to give forth gusts of laughter at them.

Bran sent one of his people on the island.

He ranged himself with the others,

and was gaping at them like the other men of the island.

He kept rowing round about the island.

Whenever his man came past Bran,

his comrades would address him.

But he would not converse with them,

acht dosn-écad nam[m]á ocus ad-aiged  
gin(a)ich foo.

Is ed ainm inna hinse-so Inis Subai.

Fan-ácabhsat and íarom.

ná ní dhéanadh éinní ach stánadh orthu agus  
a bhéal ar leathadh.

Is é ainm na hinse seo Inis Subhae.

D'fhág siad ann é \*iar sin\*.

but would only look at them and gape at  
them.

The name of this island is the Island of Joy.

Thereupon they left him there.

## Section 62

Ní-bu cían íar sin co-ráncatur Tír inna  
mBan.

Co n-accatar braine inna mban isin phurt.

As-bert toísech inna mban:

“Tair ille isa téar, a Brain maic Febail.

Is fochen do thíchtu.”

Ní lám(a)ir Bran techt isa téar.

Do-cuiretar in ben certli do Braun tara  
gnúis cach ndíriuch.

Fo-ceird Bran a láim forin certli.

Lil in certle dia dernainn.

Boí in sná(i)the inna certle i lláim inna mná.

Níorbh fhada ina dhiadh sin gur  
shroicheadar téar na mban

agus go bhfacadar taoiseach na mban sa  
phort.

Dúirt sí leo:

“Tar i leith sa téar, a Bhrain mhic Fheabhl.

Tá fáilte roimhe do theacht.”

Níor leomhaigh Bran dul i dtír.

Chaith an bhean ceirtle chuige díreach thar  
a aghaidh.

Chuir sé a láimh ar an cheirtle

agus ghreamaigh sí dá bhois.

Bhí snáithe na ceirtle i láimh na mná,

It was not long thereafter when they  
reached the Land of Women.

They saw the leader of the women at the  
port.

Said the chief of the women:

“Come hither on land, O Bran son of Febal.

Welcome is thy advent.”

Bran did not venture to go on shore.

The woman throws a ball of thread to Bran  
straight over his face.

Bran put his hand on the ball,

which clave to his palm.

The thread of the ball was in the woman's

Con-sreng in curach dochum poirt.

sa chaoi gur tharraing sí an curach chun  
poirt.

hand,

Lotar íarom i tegd(a)is máir.

Chuadar ansin i dteaghais mhór.

and she pulled the coracle towards the port.

Ar-ránic imdal cecha lámamn(a)e and  
.i. trí noí n-imdæ.

Bhí ioma ann i gcomhair gach lánún,  
seacht gcinn is fiche acu.

Thereupon they went into a large house,  
in which was a bed for every couple,  
even thrice nine beds.

In praind do-breth for cech méis  
ní(r)-airchiú[ir] díib.

An bia a tugadh ar gach mias  
níor imigh sé díobh.

The food that was put on every dish  
vanished not from them.

Ba blédin don-árfas-sa dóib boith and.

Bliain dar leo a bhí siad ann

It seemed a year to them that they were  
there,

Ecmaing bátir ilblédni.

— tharla gurbh iomaí bliain.

— it chanced to be many years.

Nís-tesbi cach mblass.

Ní raibh in easnamh orthu blas ar bith.

No savour was wanting to them.

## Section 63

Gabais éolchaire fer ndíib .i. Nechtan mac Collbrain.	Tháinig uaigneas ar fhear diobh, Neachtán mac Collbhrain.	Home-sickness seized one of them, even Nechtan the son of Collbran.
Atáigh a chenél fri Bran ara-tíasad leis dochum nÉrenn.	Bhíodh a ghaolta ag impí ar Bhran dul go hEírin leis.	His kindred kept praying Bran that he should go to Ireland with him.
As-bert in ben ro-bad aithrech ind fhaball.	Dúirt an bhean go mba aithreach leo an t-aistear.	The woman said to them their going would make them rue.
Da-lotar cammæ	Chuadar mar sin féin,	However, they went,
ocus as-bert in ben arná-tuinsed nech díib a tír	agus dúirt an bhean leo gan cos a chur i dtír	and the woman said that none of them should touch the land,
ocus ara-taidlitis leu in fer fon-ácabsat i nInis Subai tar éssi a chéli.	agus an fear a d'fhág siad in Inis Subhae a thabhairt leo in ionad a chomrádaí.	and that they should visit and take with them the man whom they had left in the Island of Joy.

## Section 64

Do-llostar íarom conda-tornachtatar in dáil i Srúib Brain.	Chuadar ar aghaidh go dtángadar i láthair dála a bhí i Sruibh Bhraint.	Then they went until they arrived at a gathering at Scrub Brain.
Íarmi-foachtatar-side dóib cía do-lluid íarsin muir.	D'fhiabraigh siadsan *dóibh* cé bhí ag teacht ón mhuiр.	The men asked of them who it was came over the sea.
As-bert Bran: "Messe Bran mac Febail."	D'fhreagair an fear: "Mise Bran mac Feabhal."	Said Bran: "I am Bran the son of Febal," <u>saithe</u> .

“Ní-beram aichne inní sin,” ol a chéli didiu.

“Atá i ssenchassaib linni chenae Imram Brain.”

“Ní haithnid dúinn é sin,” arsa an fear eile,  
\*amh,\*

“cé go bhfuil Iomramh Bhrain inár seanchas  
\*cheana féin\*.”

However, the other saith: “We do not know such a one,

though the Voyage of Bran is \*already\* in our ancient stories.”

## Section 65

Do-cuirethar úadaib in fer asin churuch.

Amal con-ránic-side fri talmain inna hÉirenn,

ba ló(i)thred fo chétóir

amal bid i talam no-beth tresna hilchéta blíadna.

Is and cachain Bran in rand-so:

“Do mac Collbrain ba mór baíss tárcud a láme fri haíss, cen nech do-rratad toinn (i. uisci) glain for Nechtan for mac Collbrain.”

Léim Neachtán amach as an churach uathu.

Chomh luath is theagmhaigh sé le talamh na hÉireann

ba luaitreach é \*láithreach\*

ionann is dá mba sa talamh a bheadh sé leis na céadta blian.

Is ansin a chan Bran an rann seo:

“Do mhac Collbhrain ba dhíol baoise a láimh a thógáil i gcionn aoise; go gcuirtear libh tonn uisce ghlain ar Neachtán, ar mhac Collbhrain.”

The man leaps from them out of the coracle.

As soon as he touched the earth of Ireland,

forthwith he was a heap of ashes,

as though he had been in the earth for many hundred years.

’Twas then that Bran sang this quatrain:

“For Collbran’s son great was the folly To lift his hand against age, Without any one casting a wave of pure water Over Nechtan, Collbran’s son.”

**Section 66** (Old Ir. p. 45, Mod. Ir. p. 111, Eng. p. 34)

Ad-fét íar sin Bran a imthechta ó thossuch  
cotici sin do lucht ind airechtais,

ocus scríbais inna rundnu-so tre ogum,  
ocus celebrais dóib íar sin,  
ocus ní-fessa a imthechta ónd úair sin.

D'inis Bran ansin a imeachta uile ó  
thosach do dtí sin do lucht an oireachtais,

agus scríobh sé na ranna seo in Ogham.  
Ina dhiaidh sin cheiliúir sé dóibh,  
agus ní fios a imeachta ó shoin.

Thereupon, to the people of the gathering Bran  
told all his wanderings from the beginning until  
that time.

And he wrote these quatrains in Ogam,  
and then bade them farewell.

And from that hour his wanderings are not  
known.